

## Beathaí nua curtha le ainm.ie

Cuireadh seacht mbeatha nuascríofa leis an mBunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge, [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie) le deireanas. Ina measc, tá cuntais ar [Mháire Stafford](#) (1923–2014), aisteoir agus léiritheoir a thabhaigh an teideal ‘Banríon na Taibhdheirce’; ar an scríbhneoir, scoláire agus saineolaí focal [Diarmaid Ó Muirithe](#) (1935–2014), a mbíodh an-tóir ar a cholún nuachtáin; ar [Dhóirín Mhic Mhurchú](#) (1930–2014), iriseoir agus tráchttaire a bhíodh le cluinstitín go mion minic ar chláir spóirt Raidió na Gaeltachta; ar [Douglas Sealy](#) (1929–2013), fear ildánach as Baile Átha Cliath, agus garmhac le Dubhghlas de hÍde, a scríobh idir dhánta agus aistí critice; ar [Úna Uí Lachtnáin](#) (1935–2014) a raibh baint aici leis an iliomad eagraíochtaí Gaeilge idir áitiúil agus náisiúnta; ar an díograiseoir teanga as Co. an Chláir, [Seán Ó Ceallaigh](#) (1934–2014), a bhíodh go síoraí ag cur na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh chun cinn ina chontae dúchais; agus ar [Mháire Uí Mhaicín](#) (1949–2013), léachtóir agus scríbhneoir a chuir spéis i bhfoghlaim, sealbhú agus múineadh na Gaeilge agus a chaith a saol ina ball de choistí agus de ghníomhaireachtaí éagsúla teanga.

### Nótaí d’eagarthóirí:

Mórshaothar luachmhar léinn é an cnuasach beathaisnéisí ar-líne [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie), a chuimsíonn breis is 1,700 beathaisnéis ó 1560 go dtí an lá inniu. Tá an tionscadal beathaisnéisí Gaeilge seo á fhorbairt ó 2009 i leith ag Fiontar, DCU, i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht agus le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, údair na naoi n-imleabhar a d’fhoilsigh An Clóchomhar idir 1986 agus 2007 faoin teideal *Beathaisnéis*.

Tá 1.3 milliún focal i gcló sna himleabhair chlóite *Beathaisnéis*. Rinne Fiontar digitiú ar an ábhar seo agus cruthaíodh bunachar sonraí as. Foilsíodh ar líne é nuair a seoladh [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie) in 2011.

Bunaíodh painéal comheagarthóirí in Eanáir 2013 faoi stiúir Cló Iar-Chonnacht le cuid de na seanbheathaisnéisí a nuashonrú agus le cinn úra a scríobh. Ba iad Éilis Ní Anluain, Mártan Ó Ciardha, Regina Uí Chollatáin agus Ciara Ní Éanacháin a sholáthair na cuntais seo ar bheathaí na ndaoine thuasluaite.

Tuilleadh eolais ar fáil ó [ainm@dcu.ie](mailto:ainm@dcu.ie) nó (01) 700 6577.



An Roinn  
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta  
Department of  
Arts, Heritage and the Gaeltacht

